Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13397/24

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0356(COD)**

CODEC 1801
ENV 881
STATIS 95
RECH 398
PE 217

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe le haghaidh bonneagair d'fhaisnéis spásúil<br>- An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa agus an nós imeachta ceartúcháin<br>(Strasbourg, an 14 Márta agus an 17 Meán Fómhair 2024) |

## I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad reachtach seo ar an gcéad léamh.

Measadh[1] go rachadh an comhad sin faoi réir an nós imeachta ceartúcháin[2] i bParlaimint na hEorpa tar éis don Pharlaimint a bhí ann roimhe seo an seasamh uaithi a ghlacadh ar an gcéad léamh.

[1] 10819/24 + COR 1.
[2] Riail 251, Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.

## II. AN VÓTÁIL

Ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Márta 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh, ghabh sí chuici féin an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch), agus ghlac sí rún reachtach. Léirítear ann an méid a comhaontaíodh go sealadach idir na hinstitiúidí roimhe sin.

Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa an 17 Meán Fómhair 2024 ceartúchán ar an seasamh a glacadh ar an gcéad léamh.

Faoi chuimsiú an cheartúcháin sin, ba cheart don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn[3] a ghabhann leis seo é, rud a thabharfadh an chéad léamh chun críche i gcás an dá institiúid.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

---

[3] Leagtar amach téacs an cheartúcháin san Iarscríbhinn. Cuirtear i láthair mar théacs comhdhlúite é, agus léirítear athruithe ar an togra ón gCoimisiún i gcló trom iodálach. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2024)0166

## Ceanglais tuairiscithe le haghaidh bonneagair d'fhaisnéis spásúil

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2024 ar an togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe le haghaidh bonneagair d'fhaisnéis spásúil (COM(2023)0584 – C9-0385/2023 – 2023/0356(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0584),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0385/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023[1],

– tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Feabhra 2024 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0037/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C, C/2024/1586, 05.03.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1586/oj.

**P9_TC1-COD(2023)0356**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 14 Márta 2024 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2007/2/CE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe le haghaidh bonneagair d'fhaisnéis spásúil**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Tar éis dóibh dul i gComhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

2 IO C, C/2024/1586, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1586/oj.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart ghníomhartha dlí an Aontais a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, ceanglais den sórt sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir ar beartaíodh iad lena aghaidh agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) I dTreoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], leagtar síos rialacha ginearálta arb é is aidhm dóibh an Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil a bhunú sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) chun críocha bheartais chomhshaoil an Aontais agus chun críoch beartas nó gníomhaíochtaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gcomhshaol. Leis an Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascáil a thabhairt cothrom le dáta, más gá, agus é a fhoilsiú, ar tuarascáil í lena n-áirítear, i measc nithe eile, tuairisc achomair ar na costais agus ar na sochair a bhaineann leis an Treoir sin a chur chun feidhme faoin 31 Márta gach bliain.

(3) Agus torthaí na tuarascála ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2017 maidir le Gníomhaíochtaí Chun Tuairisciú Comhshaoil a Chuíchóiriú agus an tSeiceáil Oiriúnachta ar Thuairisciú agus ar Fhaireachán ar Bheartas Comhshaoil an Aontais a ghabhann léi á gcur san áireamh, leasaíodh Treoir 2007/2/CE le Rialachán (AE) 2019/1010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] chun laghdú a dhéanamh ar raon feidhme an tuairiscithe don rialachas le haghaidh a chur chun feidhme agus athúsáid sonraí spásúla poiblí. Ina mheastóireacht ar Threoir 2007/2/CE, a rinneadh in 2022, fuair an Coimisiún amach go bhféadfaí an creat dlíthiúil a dhéanamh níos éifeachtúla trí bhíthin an t-ualach riaracháin a laghdú tuilleadh.

---

4 Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1).

5 Rialachán (AE) 2019/1010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 5 Meitheamh 2019 maidir le hoibleagáidí tuairiscithe a ailíniú i réimse na reachtaíochta a bhaineann leis an gcomhshaol, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 166/2006 agus (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/49/CE, 2004/35/CE, 2007/2/CE, 2009/147/CE agus 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 338/97 agus (CE) Uimh. 2173/2005 ón gComhairle, agus Treoir 86/278/CEE ón gComhairle (IO L 170, 25.6.2019, lch. 115).

(4) Chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le ceanglais tuairiscithe faoi Threoir 2007/2/CE a laghdú, is gá minicíocht agus uainiú na n-oibleagáidí tuairiscithe maidir le cur chun feidhme agus úsáid bhonneagair na mBallstát d'fhaisnéis spásúil a ailíniú le gníomhartha dlí cothrománacha níos déanaí maidir le sonraí digiteacha. Dá bhrí sin, is iomchuí minicíocht an tuairiscithe faoi Threoir 2007/2/CE a laghdú go huair amháin gach 2 bhliain.

(5) Ós rud é go mbaineann an leasú atá le déanamh ar Threoir 2007/2/CE le soláthar faisnéise don Choimisiún ag na Ballstáit, níl aon oibleagáid ar na Ballstáit é a thrasuí. Sa chás áirithe seo, is iomchuí, dá bhrí sin, cinneadh a úsáid le haghaidh leasú den sórt sin.

(6) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon na ceanglais tuairiscithe a leagtar síos i dTreoir 2007/2/CE a chuíchóiriú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fairsinge agus a héifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2007/2/CE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Threoir 2007/2/CE

In Airteagal 21(2) de Threoir 2007/2/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na ***coda réamhráití***:

'Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach 2 bhliain, dar tús an 31 Márta 2025, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil achomair a thabhairt cothrom le dáta más gá. Sna tuarascálacha sin, a chuirfidh seirbhísí an Choimisiúin ar fáil go poiblí, beidh tuairiscí achomair ar na nithe seo a leanas:'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |